Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8993/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0122(NLE)**

**SCH-EVAL 81**
**VISA 80**
**COMIX 204**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 27 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar **an Iodáil** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an **chomhbheartais víosaí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 27 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 27 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.5.2023
COM(2023) 27 final

2023/0122 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 7 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1] lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. I gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, bhunaigh an Coimisiún clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024[2] agus clár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022[3] ina bhfuil pleananna mionsonraithe i gcomhair cuairteanna ar an láthair ar na Ballstáit a ndéanfar meastóireacht orthu, na réimsí a ndéanfar meastóireacht orthu agus na suíomhanna a dtabharfar cuairt orthu.

Cumhdaíonn na réimsí a ndéanfar meastóireacht orthu gach gné de *acquis* Schengen; go háirithe bainistiú na dteorainneacha seachtracha, an beartas víosaí, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, an comhar póilíneachta, an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus éagmais rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha. Ina theannta sin, i ngach meastóireacht cuirtear saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha san áireamh, chomh maith le feidhmiú na n-údarás a chuireann na codanna ábhartha de *acquis* Schengen i bhfeidhm.

Ar bhonn na gclár ilbhliantúil agus bliantúil, agus i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an Iodáil, agus tacaíocht á fáil aici ó bhreathnóir ó eu-LISA, maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosa an 26 Deireadh Fómhair go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2022. Sa tuarascáil mheastóireachta ón bhfoireann[4], leagtar amach a cuid torthaí agus a cuid measúnuithe, lena n-áirítear dea-chleachtais agus aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

I dteannta na tuarascála, rinne an fhoireann moltaí maidir le gníomhaíocht cheartaitheach a bheadh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh.

Glacadh Rialachán nua ón gComhairle, Rialachán (AE) 2022/922[5], an 9 Meitheamh 2022. In Airteagal 31(3) den Rialachán sin, tá forálacha idirthréimhseacha ar cheart dá réir na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023. Ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

Dá bhrí sin, ba cheart na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, ach is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8045 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 3692 lena mbunaítear an clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 7727 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2021 lena mbunaítear an chéad roinn den chlár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

4 C(2023) 270.

5 Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

Tá moltaí sa togra seo a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcuirfidh an Iodáil rialacha uile Schengen a bhaineann le próiseáil víosaí Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Feidhmíonn na moltaí seo chun na forálacha atá ann cheana sa réimse beartais a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl aon nasc ag na moltaí seo le príomhbheartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle, éilítear go sonrach ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun go nglacfadh sí moltaí le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun comhordú níos fearr a áirithiú ar leibhéal an Aontais ar mhaithe lena ráthú go gcuirfidh na Ballstáit rialacha uile Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhréireacht**

Tá Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle ar aon dul le cumhachtaí sonracha na Comhairle i réimse na meastóireachta frithpháirtí ar chur chun feidhme bheartais an Aontais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Dá bhrí sin, tá an togra seo le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug na Ballstáit tuairim dhearfach uathu maidir leis an tuarascáil mheastóireachta i gCoiste Schengen.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Cosaint na gceart bunúsach agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm, cuireadh san áireamh í le linn an phróisis meastóireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Neamhbhainteach.

2023/0122 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[6], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i leith na hIodáile i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 270 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an Iodáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chun feidhme ceart na bhforálacha a bhaineann leis an gcineál cuí víosa a phróiseálfar, leis an bhfoirm iarratais aonfhoirmeach ar víosa a úsáid agus leis an dóigh ar cheart d'iarratasóirí a bheith in ann a n-iarratas a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne, i measc nithe eile, ní mór tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 3, 4, 9 agus 10 sa Chinneadh seo.

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[7] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

---

6 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

7 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

(5) Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Iodáil, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Iodáil an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don Iodáil an méid seo a leanas a dhéanamh:

**Faisnéis Ghinearálta**

(1) treoir a thabhairt, gan mhoill, do chonsalachtaí uile na hIodáile staonadh ó víosaí gearrfhanachta a eisiúint le haghaidh iarratasóirí[8] a bhfuil sé beartaithe acu fanacht tréimhse níos faide ná 90 lá as a chéile san Iodáil agus chun an dlí náisiúnta a leasú chun soiléireacht agus slándáil dhlíthiúil ina leith sin a áirithiú;

(2) a áirithiú go mbeidh ról lárnach ag an Lárúdarás Víosaí sa soláthar poiblí a ullmhú chun soláthraithe seirbhíse seachtracha a roghnú chun a áirithiú go mbeidh aistriú rianúil idir conarthaí agus gur féidir leis na baill foirne sna consalachtaí díriú ar na príomh- chúraimí atá acu, i.e. iarratais ar víosa Schengen a phróiseáil;

(3) a áirithiú nach n-úsáidfear an fhoirm iarratais ar víosa gearrfhanachta chun iarratais ar víosa fadfhanachta a phróiseáil agus *vice versa*;

(4) a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí ar víosa a n-iarratas a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne, mar shampla trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun na baill foirne a bhfuil baint acu le próiseáil víosaí Schengen a threisiú agus trí theagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse seachtrach/na soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir leis an dóigh leis an am feithimh le haghaidh coinní a laghdú i gcás ina bhfuil na moilleanna ann (go príomha) de bharr ganntanas foirne ag soláthraithe seirbhíse seachtracha;

(5) a áirithiú nach mbeidh am próiseála na n-iarratas ar víosa os cionn 45 lá féilire agus nach gcuirfear síneadh os cionn 15 lá féilire leis ach amháin i gcásanna aonair, go háirithe nuair a bheidh gá le grinnscrúdú breise a dhéanamh ar an iarratas, e.g. trí na foirne sna consalachtaí atá faoin mbrú is mó a mhéadú, ar a laghad ar bhonn sealadach (Maracó, go háirithe);

(6) a áirithiú go gcuirfear na comhaid iarratais isteach sa Chóras Faisnéise Víosaí gan mhoill nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith inghlactha;

**Dacár**

(7) a áirithiú go soláthróidh an chonsalacht agus an soláthraí seirbhíse seachtrach an fhaisnéis ábhartha uile don phobal i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009[9](an Cód Víosaí anseo feasta);

(8) maidir leis an soláthraí seirbhíse seachtrach, déanfar an méid seo a leanas:

   (a) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach athbhreithniú a dhéanamh ar liosta scrollú síos na gcineálacha víosaí ina chóras áirithinte;

---

[8] Cé is moite de thairbhithe Threoir 2004/38/CE atá incháilithe do 'víosaí iontrála' i bhfoirm víosa gearrfhanachta.

[9] IO L 243, 15.9.2009

(b) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach staonadh ó chlárú iarratas a dhiúltú, má mheasann sé go bhfuil na hiarratais sin do-ghlactha, i gcás ina mbeidh iarratasóirí meáite ar na hiarratais a chur isteach, in ainneoin gur chuir baill foirne an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh ar an eolas iad go cuí maidir leis na rialacha is infheidhme agus maidir leis an measúnú uathu go bhféadfadh sé nárbh í an Iodáil an Ballstát inniúil;

(c) a áirithiú go seiceálfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach iomláine na gcomhad go córasach ar bhonn seicliosta a bheidh tugtha cothrom le dáta lena gcomhlíonfar an liosta comhchuibhithe a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2019)3271 ón gCoimisiún, go gcuirfidh sé iarratasóirí ar an eolas i gcás ina mbeidh doiciméid áirithe in easnamh agus nach seolfaidh sé chuig an gconsalacht comhaid neamh-chomhlánaithe ach i gcásanna ina mbeidh an t-iarratasóir meáite ar iad a chur isteach;

(d) a áirithiú go mbeidh rogha ag na hiarratasóirí ar víosa i gcónaí a n-iarratas a thaisceadh tríd an soláthraí seirbhíse seachtrach gan oibleagáid a bheith orthu seirbhísí roghnacha a ghlacadh ar tháille sheirbhíse bhreise;

(e) staonadh ó liostaí ar leithligh de víosaí eisithe/diúltaithe a tharraingt suas le linn dó doiciméid taistil a chur ar ais chuig an soláthraí seirbhíse seachtrach agus a áirithiú nach mbeidh siad ar an eolas maidir leis na cinntí a rinneadh i ndáil le hiarratais aonair;

(f) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach a dhícheall a dhéanamh faisnéis teagmhála dírí an iarratasóra ar víosa a bhailiú chun cur ar ais na ndoiciméad taistil a éascú;

(g) an faireachán a dhéanfar ar an soláthraí seirbhíse seachtrach a threisiú agus a chur ar bhonn foirmiúil trí chuairteanna fógartha agus cuairteanna gan réamhfhógra, trí dhréacht-tuarascálacha maidir leis na cuairteanna a dhéanamh agus trína áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na fadhbanna a sainaithníodh;

(h) le linn dó comhar a chur ar bun leis an soláthraí nua seirbhíse seachtrach, a áirithiú go mbeidh príobháideachas leordhóthanach ag daoine ag na cuntair, go n-oibreoidh an córas ticéadaithe, agus go nglaofar ar iarratasóirí ar víosa teacht chuig na cuntair de réir ord uimhir a dticéid;

(i) a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí scartha idir cuntair chun an t-am feithimh a laghdú agus chun éifeachtúlacht a mhéadú;

(j) a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí an líon iarratas a chuirfidh siad isteach le linn na coinne a chur in iúl (le haghaidh an teaghlaigh chéanna) i gcóras áirithinte an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh chun go mbeidh forléargas breise ann ar an ualach oibre laethúil a bhfuil coinne leis ar an soláthraí seirbhíse seachtrach;

(9) úsáid an leagain is déanaí den fhoirm iarratais aonfhoirmeach a áirithiú a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 de Lámhleabhar I den Chód Víosaí agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh ábhar an leagain Iodáilise ar líne den fhoirm iarratais an leagan is déanaí den fhoirm iarratais aonfhoirmeach ina hiomláine;

(10) a áirithiú go mbeidh foirmeacha iarratais comhlánaithe ina n-iomláine agus sínithe ag iarratasóirí nuair a thaiscfidh siad iarratais ar víosa;

(11) a áirithiú nach n-éileofar ach grianghraf amháin ó gach iarratasóir;

(12) na leaganacha difriúla den seicliosta a ailíniú agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh ábhar an tseicliosta liosta comhchuibhithe na ndoiciméad tacaíochta le haghaidh na Seineagáile a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2019)3271 ón gCoimisiún;

(13) a áirithiú go mbeidh na baill foirne ar an eolas maidir le comhaontaithe ábhartha um eisiúint víosaí, go háirithe an comhaontú a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde agus go gcomhlíonfar forálacha na gcomhaontuithe (e.g. maidir leis an táille víosa);

(14) a áirithiú go ndéanfaidh an chonsalacht obair leantach ar iarraidh ar dhoiciméid bhreise go córasach agus go tapa tar éis dhul in éag an sprioc-ama a thugtar d'iarratasóirí doiciméid a sholáthar;

(15) a áirithiú go gcomhlíonfar Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle[10] le próiseáil víosaí náisiúnach na Gaimbia;

(16) líon an lucht cinnteoireachta easaoránaigh a mhéadú ag an gconsalacht in Dacár.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[10] IO L 360, 11.10.2021, lgh. 124-127.